# Michael John Coyne
# (1945-2020)

B'Éireannach é Michael John Coyne a bhog go Meiriceá agus é ina leaid óg agus throid sé i gCogadh Vítneam



# Michael John Coyne (1945-2020)

Féach ar an bhfíseán faoi Michael John Coyne agus aimsigh an bhfuil na habairtí seo a leanas Fíor nó Bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | | |
|---|---|---|
| Rugadh Michael John Coyne i Meiriceá | | B |
| Throid Michael John Coyne in Arm Mheiriceá i gCogadh Vítneam | | |
| Bhí Meiriceá ag iarraidh go scaipfí an Cumannachas ar fud Vítneam | | |
| Bhí Deisceart Vítneam i gcomhghuaillíocht leis an Aontas Sóivéadach | | |
| De réir mar a lean na 1960idí ar aghaidh mhéadaigh ar ról Mheiriceá sa chogadh | | |
| Faoin mbliain 1967 ní raibh ach cúpla saighdiúir Meiriceánach fágtha i Vítneam | | |
| Bhuaigh Michael John Coyne a lán duaiseanna as an gcaoi ar throid sé i gCogadh Vítneam | | |
| Tháinig sé ar ais go Meiriceá toisc gur tholg sé maláire | | |
| Ba é Ionsaí Tet ba mhó a chuir ina luí ar Mheiriceánaigh nach bhféadfaidís an cogadh i Vítneam a bhuachaint | | |
| Thosaigh an tUachtarán Kennedy ag tarraingt saighdiúirí Meiriceánacha amach as Vítneam sa bhliain 1972 | | |
| Nuair a d’imigh na saighdiúirí Meiriceánacha as Vítneam rinne an Tuaisceart ionsaí ar an Deisceart agus aontaíodh an tír mar stát Cumannach | | |

# Michael John Coyne (1945-2020)

Anois agus an ceacht sin curtha díot agat léigh an léamhthuiscint seo ar Chogadh Vítneam agus freagair na ceisteanna a ghabhann léi.

Chríochnaigh an Dara Cogadh Domhanda sa bhliain 1945 agus bhí dhá shárchumhacht ar domhan anois, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Sóivéadach. Theastaigh ón Aontas Sóivéadach go scaipfí an Córas Cumannach a bhí i bhfeidhm ansin ar fud an domhain. Níor theastaigh ó Mheiriceá go dtarlódh sé sin ar chor ar bith, an Córas Caipitlíoch a bhí Meiriceá ag iarraidh a leathnú ar fud na cruinne. Mar sin, d'eascair coimhlint idir an dá shárchumhacht. Ní raibh troid mhór riamh glan amach eatarthu ach tharla go leor troideanna fíochmhara idir tíortha eile agus an choimhlint idir cumannachas agus caipitleachas mar bhunús leo. An Cogadh Fuar a thugtar ar an tréimhse seo sa stair. Ba é Cogadh Vítneam ceann de na cogaí ab fhaide agus ab fhíochmhaire ar fad den Chogadh Fuar.

Ón mbliain 1954 bhí Vítneam roinnte ina dhá leath. Stát cumannach a bhí sa Tuaisceart faoi cheannas Ho Chi Minh agus ba é Ngo Dinh Diem a bhí ina Uachtarán sa Deisceart. Tír chapitlíoch a bhí sa Deisceart a bhí báúil le Meiriceá. Bhí fórsa láidir darbh ainm an Fronta Um Shaoradh Náisiúnta nó na Víotchongaigh sa Deisceart áfach ag iarraidh cumannachas a chur i bhfeidhm sa Deisceart agus fuair siad tacaíocht ó Thuaisceart Vítneam chun an aidhm sin a bhaint amach. Trodaithe sciliúla agus fíochmhara a bhí sna Víotchongaigh agus sa deireadh d'éirigh leo an lámh in uachtar a fháil ar Mheiriceá. Bhí comhairleoirí míleata ag Meiriceá i Vítneam ón mbliain 1955 ach ba sa bhliain 1965 a cuireadh trúpaí comhraic Meiriceánacha chun na tíre den chéad uair. Mhéadaigh go mór ar líon na saighdiúirí Meiriceánacha a bhí ag troid de réir mar a ghéaraigh ar an gcogaíocht. Faoin mbliain 1969 bhí os cionn leathmhilliúin saighdiúir Meiriceánach ag troid i Vítneam.

# Michael John Coyne (1945-2020)

Ba sa bhliain 1968 a chas an taoide go mór i gcoinne Mheiriceá sa chogadh. Thosaigh an Víotchong agus Arm Thuaisceart Vítneam Ionsaí Tet i mí Eanáir 1968 agus ba bhuille tubaisteach é an t-ionsaí seo do Mheiriceá. Cailleadh an-chuid saighdiúirí agus thosaigh ag teip ar mhuinín shaighdiúirí Mheiriceá go bhféadfaidís an cogadh seo a bhuachaint. Thosaigh ag teip ar mhisneach ghnáthmhuintir Mheiriceá ar ais sa bhaile chomh maith.

De réir a chéile nuair a cuireadh ar a súile do mhuintir Mheiriceá nach raibh ag éirí go maith lena n-arm sa chogadh i Vítneam thosaigh lear mór daoine ag feachtasaíocht i gcoinne ról Mheiriceá sa chogadh. Bhí amhránaithe agus aisteoirí cailiúla agus mic léinn ollscoile i measc na ndaoine a bhí ag iarraidh go dtarraingeodh Meiriceá as Vítneam. Craoladh pictiúir den chogadh ar bhonn laethúil nachmór ar an teilifís ar fud Mheiriceá agus chaill cuid mhaith de mhuintir na tíre sin muinín as a gceannairí polaitíochta, go háirithe as an Uachtarán Johnson.

Ina theannta sin, úsáideadh coinscríobh mar bhealach chun cur leis an Arm agus ba bheartas an-chonspóideach é seo. Chuir an beartas seo a thuilleadh feirge ar dhaoine agus chuir sé dlús leis an bhfeachtas in aghaidh an chogaidh. Le himeacht ama cuireadh brú millteach ar pholaiteoirí Mheiriceá a gcuid saighdiúirí a tharraingt amach as an tír agus comhaontú síochána a shíniú. Rinneadh amhlaidh sa bhliain 1973 ach dhá bhliain ina dhiaidh sin d'ionsaigh Tuaisceart Vítneam an Deisceart, thit príomhchathair an Deiscirt, Saigon, aontaíodh an tír arís agus ba stát cumannach anois é Vítneam ina iomláine.

# Michael John Coyne (1945-2020)

## Gluais:

sárchumhacht = tír a bhfuil neart míleata, eacnamaíochta agus cultúrtha thar na bearta aici
an córas cumannach = córas a bhfuil smacht ag an Rialtas ar na modhanna táirgthe ar fad.
an córas caipitlíoch = córas a bhfuil smacht ag daoine aonair ar na modhanna táirgthe.
An Cogadh Fuar = coimhlint gheopholaitiúil idir Meiriceá agus tíortha a bhí báúil leis agus an tAontas Sóivéadach agus tíortha a bhí báúil leis. Mhair sé idir na blianta 1947 agus 1991.
An Fronta Um Shaoradh Náisiúnta = an t-ainm oifigiúil ar an Víotchong
comhairleoirí míleata = oifigigh ó Mheiriceá a thug comhairle d'Arm Dheisceart Vítneam
trúpaí comhraic = saighdiúirí a chuaigh i mbun troda
An tUachtarán Johnson = Uachtarán Mheiriceá idir na blianta 1963 agus 1969
coinscríobh = liostáil éigeantach in arm
beartas = polasaí



# Michael John Coyne (1945-2020)

## Ceisteanna

1. Cérbh iad an dá sharchumhacht ar domhan tar éis an Dara Cogadh Domhanda?
2. Mínigh, i d'fhocail fein, cad is córas cumannach ann? Is leor dhá abairt mar mhíniú.
3. Cén chuid de Vítneam a bhí ina Stát Cumannach?
4. Cén t-ainm a bhí ar an bhFórsa Cumannach i nDeisceart Vítneam?
5. Cathain a cuireadh trúpaí comhraic Mheiriceá go Vítneam den chéad uair?
6. Cad a bhí i gceist le hIonsaí Tet?
7. Ainmnigh dream amháin daoine a bhí ag iarraidh go bhfágfadh Meiriceá Vítneam.
8. Cén beartas de chuid Rialtas Mheiriceá a d'éirigh an-chonspóideach ag deireadh na 1960idí?
9. Cathain a tháinig deireadh oifigiúil le ról Mheiriceá i Vítneam?
10. Fiosraigh ar líne ar ghlac aon Éireannaigh eile seachas Michael John Coyne páirt i gCogadh Vítneam. Breac síos trí fhíric mar gheall ar an duine a aimsíonn tú.



# Michael John Coyne

Anois agus na ceisteanna sin freagartha agat meaitseáil na príomhfhocail seo a leanas ar chlé lena míniú ar dheis. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | |
|---|---|
| Michael John Coyne | líon na Vítneamach a mheastar a cailleadh i rith an chogaidh |
| Idir dhá agus trí mhilliún duine | iriseoir agus craoltóir a d'inis do mhuintir Mheiriceá scéal an chogaidh de réir mar a bhí sé ar siúl |
| An Víotchong | comhaontú a síníodh chun deireadh a chur le Cogadh Vítneam |
| Ho Chi Minh | ionsaí a rinne an Víotchong agus Arm Thuaisceart Vítneam ar Mheiriceá i 1968 |
| Ionsaí Tet | an polaiteoir a chuir tús le saighdiúirí Meiriceánacha a tharraingt amach as Vítneam |
| Oibreán Oráiste | líon na saighdiúirí Meiriceánacha a cailleadh i gCogadh Vítneam |
| Walter Cronkite | Éireannach a throid in Arm Mheiriceá i gCogadh Vítneam |
| Comhaontú Síochána Pháras | Uachtarán agus Príomh-Aire Thuaisceart Vítneam |
| 1975 | oibreán a scaoil Meiriceá chun go mbeadh sé níos fusa ar a shaighdiúirí an Víotchong a aimsiú |
| An tUachtarán Nixon | trodaithe cumannacha as Deisceart Vítneam a throid i gcoinne fhórsaí Mheiriceá agus Arm Dheisceart Vítneam |
| 58,220 | An bhliain ar thit Saigon |

# Michael John Coyne

Seo a leanas trí fhíric thábachtacha stairiúla faoi thionchar fadtéarmach Chogadh Vítneam:

1. Athaontú Vítneam: Ba é an toradh ba thabhachtaí do mhuintir Vítneam ná gur athaontaíodh an tír le chéile faoi réimeas cumannach. Bhí an-chuid daoine sa Deisceart mí-shásta leis seo. Tá Vítneam ina thír chumannach i gcónaí.
2. Scoilt mhór pholaitiúil agus shóisialta i Meiriceá: Chaill an-chuid Meiriceánach muinín as a gceannairí polaitíochta de bharr an chogaidh. Chomh maith leis sin, bhí drogall ar lear mór Meiriceánach páirt a ghlacadh i gcogaí thar sáile go ceann i bhfad i ndiaidh Chogadh Vítneam.
3. Oibreán Oráiste: Rinne scaoileadh an oibreáin seo an t-uafás damáiste do shaighdiúirí agus do shibhialtaigh. Ba é ba chúis le giniúint ailse in an-chuid daoine. Chomh maith leis sin, rinne sé an-chuid damáiste don chomhshaol.

